

EBA/GL/2024/03

---

11 Aibreán 2024

---

## Treoirlínte

---

maidir le cur i bhfeidhm na tástála caipitil grúpa le haghaidh grúpaí gnólachta infheistíochta i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/2033

# 1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

---

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010<sup>1</sup>. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. Leagtar amach sna treoirlínte seo tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó trína bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 16.09.2024. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach leis an tagairt EBA/GL/2024/03. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

---

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

## 2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

---

### Ábhar

5. Sonraítear sna treoirlínte sin an chaoi ar cheart d'údaráis inniúla Airteagal 8(1) agus Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/2033 a chur chun feidhme chun cead a thabhairt do ghrúpaí gnólachtaí infheistíochta an tástáil caipitil grúpa a chur i bhfeidhm ('cead tástála caipitil grúpa'), nó méid cistí dílse a shealbhú atá níos ísle ná an méid ríofa faoi Airteagal 8(3) den Rialachán sin ('cead méid níos ísle').

### Raon feidhme

6. Tá feidhm ag na treoirlínte sin ar bhonn aonair agus comhdhlúite araon laistigh den raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/2033.

### Seolaithe

7. Díritear na treoirlínte seo ar údaráis inniúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (2)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus ar institiúidí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 atá laistigh de raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033 nó Threoir (AE) 2019/2034.

### Sainmhínithe

8. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna sna treoirlínte seo le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2019/2034 nó i Rialachán (AE) 2019/2033.

## 3. Cur chun feidhme

---

### An dáta iarratais

9. Beidh feidhm leis na treoirlínte seo ón 1 Eanáir 2025.
10. Ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú, faoin am a gcuirfear na treoirlínte seo i bhfeidhm, go gcomhlíonann gach cás de chead tástála caipitil grúpa agus de chead méid níos ísle atá i bhfeidhm na treoirlínte seo.

## 4. Treoirínite

---

### 4.1 Breithnithe ginearálta

11. Níor cheart d'údarás inniúil tástáil caipitil grúpa ná cead méid ní b'ísle a bhronnadh d'ainneoin na gcoinníollacha a leagtar amach sna treoirínite seo a bheith comhlíonta, i gcás ina measann sé gur cheart féachaint ar chomhdhlúthú stuamachta nó méid ní b'airde cistí dílse a bheith iomchuí don ghrúpa gnólachtaí infheistíochta áirithe sin.

### 4.2 Cead tástála simplithe caipitil grúpa

12. Níor cheart cosc a chur ar údarás inniúil a mheas go bhfuil grúpa gnólachtaí infheistíochta sách simplí agus gan rioscaí suntasacha a bheith ag baint leis do chliaint ná don mhargadh, i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) nach ann ach máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais nó máthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais atá beag agus neamh-idirnasctha de réir Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, de chuid gnólachtaí infheistíochta beaga neamh-idirnasctha a leagtar amach in Airteagal 12(1) den Rialachán sin agus de ghnóthais seirbhísí coimhdeacha;
- (b) go bhfuil socruithe eagraíochtúla sásúla agus feidhmeanna rialaithe riosca leordhóthanacha curtha i bhfeidhm aige atá comhréireach le méid agus le samhail ghnó an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta;
- (c) go bhfuil tromlach de chearta vótála gach ghnóthais ghrúpa faoi úinéireacht ghnóthais grúpa eile;
- (d) go bhfuil a naisc chaipitiúla, a struchtúr úinéireachta agus na comhaontuithe conarthacha idir an mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, an mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó an mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais, agus ghnóthais an ghrúpa, mar aon leo siúd i measc ghnóthais an ghrúpa, ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin;
- (e) nach bac iad a naisc chaipitiúla, a struchtúr úinéireachta ná na comhaontuithe conarthacha dá dtagraítear i bpointe (d) ar fheidhmiú rialaithe ag an máthairchuideachta infheistíochta de chuid an Aontais, ag an mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó ag an mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais ar ghnóthais an ghrúpa;

- (f) nach gá maoirseacht a dhéanamh ar bhonn comhdhlúite ar impleachtaí na nasc caipitiúil do rialachas an ghrúpa ina iomláine ar an struchtúr úinéireachta agus ar na comhaontuithe conarthacha dá dtagraítear i bpointe (d);
  - (g) go bhfuil na ceanglais cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 fós sách gar do na ceanglais cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin, ag céatadán táscach níos mó ná 85 % de sin.
13. Níor cheart cosc a chur ar údaráis inniúla Codanna 4.3 agus 4.4 a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar cheart cead chun tástáil caipitil grúpa a thabhairt do ghrúpa gnólachta infheistíochta a chomhlíonann an coinníoll a leagtar amach i bpointe (a) den mhír roimhe seo, i gcás nach gcomhlíonann an grúpa sin ceann amháin ná níos mó de na coinníollacha a leagtar amach i bpointí (b) go (g) den mhír roimhe seo.

### 4.3 Cead tástála caipitil grúpa: coinníollacha chun go measfar an grúpa gnólachta infheistíochta a bheith sách simplí

14. Níor cheart cosc a chur ar údaráis inniúla a mheas nach gcomhlíonann grúpa gnólachtaí infheistíochta na coinníollacha uile a leagtar amach i gCuid 4.2 a bheith sách simplí chun críocha Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
- (a) go bhfuil líon na ngnóthas de chuid an ghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/2033, lena n-áirítear an mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, an mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó an mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais, cothrom le sé nó níos lú ná sin;
  - (b) de mhaolú ar mhír 14(a), go bhféadfaidh na húdaráis inniúla a mheas go bhfuil grúpa gnólachtaí infheistíochta ina bhfuil níos mó ná sé ghnóthas sách simplí má thagann siad ar an gconclúid go bhfuil struchtúr an ghrúpa comhsheasmhach leis an tsamhail ghnó agus le gníomhaíochtaí an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta, agus go gcomhlíonann an grúpa na coinníollacha dá dtagraítear i mír 15(e);
  - (c) nach bhfuil sa ghrúpa gnólachta infheistíochta níos mó ná máthairghnóthas amháin idir an mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, an mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó an mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais, agus fochuideachta;
  - (d) de mhaolú ar mhír 14(c), go bhféadfaidh na húdaráis inniúla a mheas gur sách simplí grúpa gnólachtaí infheistíochta ina bhfuil níos mó ná máthairghnóthas amháin idir an mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, an mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó an mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais agus fochuideachta más le gnóthais eile den ghrúpa sin tromlach de chearta vótála ghnóthais uile an ghrúpa sin, agus má tá struchtúr

an ghrúpa comhsheasmhach leis an tsamhail ghnó agus le gníomhaíochtaí an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta, ar bhealach gur féidir rioscaí a shrianadh, lena n-áirítear rioscaí a eascraíonn ó ghnóthais an ghrúpa a bhíonn ag déileáil ar a chuntas féin nó ó struchtúir ghrúpa a fhorchuirtear le dlíthe náisiúnta;

- (e) nach ndearnadh aon gníomhaíochtaí a bhaineann le ASA agus le CMH a sheachfhoinsiú chuig gnóthas grúpa eile;
- (f) go ndéantar gníomhaíochtaí a bhaineann le AUM a sheachfhoinsiú laistigh de ghnóthais an ghrúpa de réir céatadán nach mó ná 150 % den tairseach a leagtar amach in Airteagal 12(1)(a) de Rialachán (AE) 2019/2033 le haghaidh grúpaí nach bhfuil níos mó ná dhá ghnóthas ag a bhfuil AUM dearfach; méadaítear an céatadán sin 50 % le haghaidh gach gnóthais grúpa bhreise ag a bhfuil AUM dearfach. Chun críocha an phointe seo, ba cheart go dtagródh na luachanna le haghaidh an ríomha don bhliain airgeadais roimhe sin, agus ba cheart neamhaird a thabhairt ar aistriú ar ais na gníomhaíochta;
- (g) má tá conarthaí nó socruithe chun suíomhanna trádála a aistriú i measc ghnóthais an ghrúpa i bhfeidhm, gur cheart luach na suíomhanna trádála aistrithe a bheith ní b'ísle ná dhá oiread na tairsí a leagtar amach in Airteagal 94(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le suíomhanna atá faoi réir K-NPR nó K-CMG, ar bhonn fhiigiúirí na bliana airgeadais roimhe sin. gur cheart gach sócmhainn agus agus gach staid ag a bhfuil luach cóir diúltach a ghlacadh ag luach absalóideach chun críocha an phointe seo, agus níor cheart glanluacháil a cheadú. Chun críocha an phointe seo, níor cheart an t-aistriú ar ais chuig gnóthais an ghrúpa a chur san áireamh mar chuid den tairseach sin;
- (h) má tharlaíonn aistriú na ngníomhaíochtaí atá faoi réir K-AUM, K-ASA, K-CMH, K-NPR agus K-CMG mar thoradh ar athstruchtúir an ghrúpa, lena n-áirítear cumaisc agus éadálacha, nár cheart luach na ngníomhaíochtaí aistrithe a áireamh faoi chomhair na dteorainneacha a leagtar amach i míreanna 14(e), (f) agus (g) don bhliain airgeadais inar tharla athstruchtúir an ghrúpa;
- (i) go gcuirfead na naisc caipitiúla, an struchtúr úinéireachta agus na comhaontuithe conarthacha idir an mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, an mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó an mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais agus gnóthais an ghrúpa, mar aon leo siúd i measc ghnóthais an ghrúpa, ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin;
- (j) nach bac iad na naisc chaipitiúla, an struchtúr úinéireachta agus na comhaontuithe conarthacha dá dtagraítear i bpointe (i) ar an mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, an mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó an mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais rialú a fheidhmiú ar ghnóthais an ghrúpa;

- (k) nach bhfuil aon impleachtaí ag na naisc chaipitiúla, ag an struchtúr úinéireachta ná ag na comhaontuithe conarthacha dá dtagraítear i bpointe (i) maidir le rialachas an ghrúpa ina iomláine, rud a fhágfadh gur ghá maoirseacht a dhéanamh ar bhonn comhdhlúite.

#### 4.4 Cead tástála caipitil grúpa: coinníollacha chun a mheas nach bhfuil rioscaí suntasacha ag baint leis an ngrúpa gnólachta infheistíochta do chliaint ná don mhargadh

15. Níor cheart cosc a chur ar údaráis inniúla a mheas nach bhfuil riosca suntasach do chliaint ná don mhargadh ag baint le grúpa gnólachtaí infheistíochta nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i gCuid 4.2 chun críocha Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 má chomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) go bhfuil na ceanglais cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 fós sách gar do na ceanglais cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin, ag céatadán táscach níos mó ná 90 % de Rialachán (AE) 2019/2033;
- (b) nach n-eisíonn aon cheann de ghnóthais an ghrúpa gnólachta infheistíochta, lena n-áirítear gnóthais atá lonnaithe i dtríú tíortha, ionstraimí cothromais nó fiachais gan íoc nach bhfuil liostaithe ar mhalartán rialáilte atá i seilbh cliant miondíola san Aontas, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(11) de Threoir (AE) 2014/65; ní áirítear leis an gcritéir sin úinéirí thromlach na gceart vótála, bainisteoirí agus fostaithe aon cheann de ghnóthais an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta;
- (c) go bhfuil uasmhéid d'aon ghnóthas amháin laistigh den ghrúpa ar comhalta imréitigh mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 é;
- (d) má tá gnóthas amháin nó níos mó de na suíomhanna fálaithe grúpa faoi réir K-NPR nó K-TCD i gcás gnóthais eile den ghrúpa trí chomhaontuithe aistrithe riosca inmheánacha, go bhfuil socruithe eagraíochtúla sásúla agus feidhmeanna rialaithe riosca leordhóthanacha i bhfeidhm laistigh den ghrúpa, i gcomhréir le méid an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta agus leis an riosca a bhainistítear ag na gnóthais a fhálaíonn na suíomhanna sin, agus nach ndéanfaí maoirseacht ní b'fhearr ar an riosca foriomlán a d'eascródh as suíomhanna trádála an ghrúpa gnólachta infheistíochta agus a bhfáluithe faoin gcreat comhdhlúthaithe stuamachta;
- (e) má mheasann údarás inniúil go bhfuil struchtúr atá sách simplí ag grúpa gnólachtaí infheistíochta ach nach gcomhlíonann sé na critéir i mír 14(a) ná i mír 14(c), go bhfuil na ceanglais cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 fós sách gar do na ceanglais cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin, ag céatadán táscach is mó ná 95 % den Rialachán sin. má mheasann údarás inniúil go bhfuil struchtúr sách simplí ag grúpa gnólachtaí infheistíochta ach nach gcomhlíonann sé aon cheann de na critéir i míreanna 14(a) agus 14(c), go mb'fhearr go mbeadh na ceanglais

cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 comhionann ar a laghad leis na ceanglais cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin.

16. Má tá aon cheann de ghnóthais an ghrúpa faoi réir aon imeachtaí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart don údarás inniúil a mheas an bhfuil rioscaí suntasacha do chliaint nó don mhargadh ag baint leis na sárúithe a bhaineann leis na himeachtaí sin.
17. Chun measúnú a dhéanamh ar an gcoinníoll dá dtagraítear i mír 15(a), féadfaidh údaráis inniúla an mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, an mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó an mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais a dhíolmhú ón oibleagáid ceanglais cistí dílse an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033 má mheasann siad go mbeadh an iarracht is gá chun ríomh den sórt sin a dhéanamh díréireach. Má bhronnann údaráis inniúla an díolúine sin, ba cheart suim ceanglais cistí dílse gnóthas uile an ghrúpa ar mháthairghnólachtaí infheistíochta de chuid an Aontais, ar mháthairchuideachtaí sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais, ar mháthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais agus ar aon mháthairghnóthais eile ar gnólachtaí infheistíochta, institiúidí airgeadais, gnóthais seirbhísí coimhdeacha nó gníomhairí faoi cheangal iad a chur in ionad ceanglais cistí dílse an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta de réir Airteagal 7 den Rialachán sin. Mura gnólacht infheistíochta é gnóthas, is iad na ceanglais cistí dílse aonair na ceanglais sin is infheidhme faoin gcreat stuamachta ábhartha. Más foghnóthas atá lonnaithe i dtríú tír é gnóthas, ba cheart na ceanglais cistí dílse aonair a ríomh i gcomhréir le mír 20.

#### 4.5 Cead méid níos ísle: coinníollacha chun leibhéal níos ísle cistí dílse a cheadú

18. Níor cheart cosc a chur ar údaráis inniúla cead méid níos ísle a thabhairt i gcás ina bhfuil na ceanglais cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 níos airde ná na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin ag céatadán táscach 125 % ar a laghad de sin, agus go gcomhlíonann an grúpa gnólachta infheistíochta na critéir a leagtar amach i gCuid 4.2, nó i gCodanna 4.3 agus 4.4. Chun an céatadán dá dtagraítear sa mhír seo a ríomh, ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go ndéanfar an riosca malairte eachtraí a ríomh ar an mbealach céanna i gcás na gceanglas cistí dílse a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus na gceanglas a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán sin.
19. Ba cheart ceanglais cistí dílse aon fhoghnóthais i dtríú tír a chinneadh ar leibhéal na fochuideachta sin le leibhéal sásúil stuamachta mar a leagtar amach sa mhír seo a leanas (ceanglas barúlach cistí dílse). Ba cheart don mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an



Aontais, don mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó don mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais, agus d'aon ghar-mháthairghnóthas de chuid na fochuideachta tríú tír sin an cinneadh a dhéanamh má cheanglaíonn an t-údarás inniúil sin uirthi. Ba cheart na cistí dílse a shealbhú ar leibhéal an chéad mháthairghnóthais de chuid an Aontais atá ag an bhfochuideachta tríú tír sin.

20. Chun leibhéal sásúil stuamachta a áirithiú, ba cheart na ceanglais bharúlacha maidir le cistí dílse le haghaidh foghnóthais atá bunaithe i dtríú tíortha a bheith cothrom ar a laghad leis na ceanglais arna ríomh i gcomhréir le Cuid III agus Cuid IV de Rialachán (AE) 2019/2033. Má eisiúnn an Coimisiún Eorpach cinneadh coibhéise de bhun Airteagal 47 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le Rialachán (AE) 2019/2033 le córas stuamachta tríú tír, gur cheart a mheas go bhfuil leibhéal sásúil stuamachta ag na ceanglais chaipitil a ríomhtar de réir an chórais stuamachta tríú tír sin. Mura bhfuil ceanglais cistí dílse ag máthairghnóthas tríú tír atá cothrom ar a laghad leis na ceanglais bharúlacha cistí dílse is gá chun leibhéal sásúil stuamachta a bhaint amach mar atá sainmhínithe sna treoirlínte seo, nó ar leibhéal níos airde, atá leagtha amach ag na húdaráis inniúla, nár cheart cead méid ní b'ísle a thabhairt.
21. Agus Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/2033 á chur i bhfeidhm, níor cheart do na húdaráis inniúla laghdú ar chistí dílse a cheadú arb é an toradh a bheadh air go mbeadh an céatadán dá dtagraítear i mír 15(a) ní b'ísle ná an méid a shonraítear i míreanna 12(g), 15(a) nó 15(e), de réir mar is infheidhme.

## 4.6 Faisnéis atá le measúnú

22. Chun a mheasúnú an féidir cead tástála caipitil grúpa a thabhairt don ghrúpa gnólachta infheistíochta i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, nó cead méid níos ísle a bhronnadh i gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Rialachán sin, gur cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile is gá curtha ar fáil ag an máthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, ag an máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó ag an máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais nó ag aon mháthairghnóthas ábhartha eile, lena n-áirítear:
- (a) tuairisc ar ghníomhaíochtaí an ghrúpa;
  - (b) an struchtúr grúpa cothrom le dáta;
  - (c) an forléargas cothrom le dáta ar aistriú gníomhaíochtaí agus suíomhanna laistigh de ghrúpa atá faoi réir K-AUM, K-CMH, K-ASA, K-NPR agus K-CMG;
  - (d) ríomh na gceanglas caipitil comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033, nó ríomh ceanglas cistí dílse ar an leibhéal aonair le haghaidh ghnóthais an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta má chuireann an t-údarás inniúil mír 17 i bhfeidhm;
  - (e) ríomh na gcistí dílse iarbhir, lena n-áirítear ríomh na gcistí dílse barúlacha a ríomhtar i gcomhréir le mír 20, atá ar fáil ar leibhéal gach gnóthais den ghrúpa gnólachtaí infheistíochta;
  - (f) ríomh na tástála caipitil grúpa le haghaidh an mháthairghnólachta infheistíochta de chuid an Aontais, na máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó na

máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais, agus le haghaidh gach máthairghnóthas an ghrúpa i mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 8(3) de Rialachán 2019/2033;

- (g) ríomh an chéatadáin dá dtagraítear i mír 15(a);
  - (h) ráiteas ina sonraítear comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i gCodanna 4.3 agus 4.4;
  - (i) faisnéis faoin luacháil a shanntar do gach máthairghnóthas agus, más ábhartha, na cúiseanna leis an difríocht in aghaidh luach de réir na leabhar gach fochuideachta. Má mheasann na húdaráis inniúla go mbeadh an iarracht ba ghá chun an ceanglas faisnéise sin a chomhlíonadh díréireach, go bhféadfaidh siad a shonrú nár cheart an ceanglas faisnéise sin a chomhlíonadh ach amháin le haghaidh na bhfochuideachtaí arbh ábhartha, agus gur cheart measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na bhfochuideachtaí sin agus méid agus riosca na bhfochuideachtaí laistigh den ghrúpa gnólachtaí infheistíochta á gcur san áireamh.
23. Níor cheart comhaontuithe conarthacha dá dtagraítear i mír 12(d) agus i mír 14(i) a chur san áireamh mar a fhorálann an mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, an máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó an máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais nó aon máthairghnóthas ábhartha eile ach amháin i gcás ina bhfuil siad ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas chun tástáil caipitil grúpa a úsáid.
24. Má tá feidhm ag Cuid 4.2, féadfaidh údaráis inniúla a measúnú a theorannú don fhaisnéis a leagtar amach i mír 22, pointí (a), (b), (d), (e), (f) agus (g).
25. Chun a mheasúnú an féidir an cead maidir le tástáil caipitil grúpa a dheonú don ghrúpa gnólachtaí infheistíochta i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, nó cead méid níos ísle i gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Rialachán sin, ba cheart d'údaráis inniúla an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil a úsáid, lena n-áirítear tuairisciú rialála, tuairisciú cuntasáíochta agus airgeadais, cuntais gnólachtaí infheistíochta inmheánacha agus conclúidí ICARAP.

## 4.7 Bronnadh, leasú agus tarraingt siar an údaráithe

26. Chun a mheasúnú an féidir leis an ngrúpa gnólachtaí infheistíochta a chead tástála caipitil grúpa a choinneáil ar bun, cead a tugadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/2033, nó cead méid níos ísle a bhronntar i gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Rialachán sin, ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis a chuirtear ar fáil ag an máthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, ag an máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó ag an máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais maidir le haon athrú ábhartha a tharlaíonn tar éis an cead sin a dheonú, go háirithe i gcás ina bhféadfadh athrú den sórt sin difear a dhéanamh do chomhlíonadh na gcoinníollacha agus na sonraíochtaí ar ar a mbonn a tugadh an cead.
27. Chun a mheasúnú an féidir leis an ngrúpa gnólachta infheistíochta a chead tástála caipitil grúpa a choinneáil ar bun, cead a tugadh i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/2033,

nó cead méid níos ísle a bhronntar i gcomhréir le hAirteagal 8(4) den Rialachán sin, ba cheart do na húdaráis inniúla féachaint le haon fhaisnéis atá ábhartha chun críche fhaireachán na n-údarás sin a fháil ón máthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, ón máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais, ón máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais, ón máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais nó ó aon mháthairghnóthas ábhartha eile.

28. I gcás ina gcinnfidh údarás inniúil nach bhfuil na coinníollacha faoinar bronnadh tástáil caipitil grúpa nó cead méid níos ísle á gcomhlíonadh a thuilleadh, ba cheart dó a mheas, gan moill mhíchúí agus tar éis dó tuairimí na máthairchuideachta infheistíochta de chuid an Aontais, na máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó na máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais a éisteacht, ar cheart an cead sin a chúlghairm. Má chúlghairtear an cead tástála caipitil grúpa, ba cheart aon chead gaolmhar méid ní b'ísle a tugadh a chúlghairm freisin agus ba cheart an grúpa a bheith faoi réir maoirseacht chomhdhlúite faoi Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033.
29. Más rud é gur tugadh cead tástála caipitil grúpa don mháthairghnólacht infheistíochta de chuid an Aontais, don mháthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó don mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais agus nár cheart cead méid ar leith ní b'ísle a bheith mar thoradh ar chúlghairm an cheada sin, níor cheart cúlghairm an chéad cheada a bheith mar thoradh air sin go huathoibríoch, agus ba cheart cúlghairm an dara ceann a bheith mar thoradh i gcónaí ar chúlghairm an dara ceann.